

# Job Description
# Sonraí Poist

| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Oifig um Rannpháirtíochta Domhanda UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Rannpháirtíocht Domhanda UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair:** | Bainisteoir Tionscadail Cumarsáide |
| **Tréimhse an Phoist:** | Sealadach, 6 mhí |
| **Grád:** | Oifigeach Riaracháin II |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:** | Teicneolaíocht Faisnéise - Leibheal Gairme 3 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | n/bh |
| **Bainisteoir Líne:** | Stiúrthóir, Straitéis Rannpháirtíochta Domhanda |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 018550 |
| **Riarthóir AD:** | Linda Meili |

**Achoimre ar an bPost:**

Tá an Rannpháirtíocht Dhomhanda mar bhuncloch fhéiniúlachta ag UCD agus is gné lárnach í do rath na hOllscoile. Múnlaíonn sí eispéiris na mac léinn, na dáimhe agus na foirne, agus tá ról ríthábhachtach aici maidir le leathnú dearcadh domhanda phobal UCD.

Tacaíonn an Oifig um Rannpháirtíochta Domhanda UCD leis an Leas-Uachtarán um Rannpháirtíocht Dhomhanda chun pleananna domhanda na hOllscoile a chur chun cinn, tríd na daoine agus rudaí is fearr ar domhan a tharraingt go UCD, agus na daoine agus na rudaí is fearr in Éirinn a roinnt mórthimpeall an domhain; cultúir éagsúil na hÉireann ina measc. Cuimsíonn an Oifig um Rannpháirtíocht Dhomhanda UCD, Lárionad na dTeangacha Feidhmeacha UCD, Gaeltacht UCD, Institiúid na hÉireann don Léann Síneach, agus Institiúid Confucius UCD chomh maith le líon beag de baill foirne a oibríonn go díreach laistigh den aonad.

Cuirfidh ról an Bhainisteora Tionscadail Cumarsáide iarrachtaí na hOifige um Rannpháirtíocht Dhomhanda chun cinn trína chinntiú go gcuirtear ár gcuid oibre faoi bhráid na bpáirtithe leasmhara ar bhealach atá soiléir agus láidir. Beidh suíomh gréasáin na hOifige um Rannpháirtíocht Dhomhanda ar an bpríomhbhealach chun amhlaidh a dhéanamh, a dhéanfar é a athnuachan i bhfianaise straitéis nua na hOllscoile chomh maith leis na ceithre straitéis réigiúnacha faoin VP um Rannpháirtíocht Dhomhanda.

<u>**Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:**</u>

- Iniúchadh ábhair agus plean tionscadail forbartha suíomh gréasáin, amlíne agus garspriocanna a chruthú
- Iniúchadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar leathanaigh ghréasáin reatha chun cáilíocht agus ábharthacht ábhair a chinneadh.
- Tuairiscí ó Google Analytics agus ó uirlisí eile a dhéanamh agus a úsáid chun cabhrú leis an iniúchadh ábhair.
- Na leathanaigh ghréasáin a thriáiseáil chun ábhar atá le cartlannú/le scriosadh, agus ábhar atá le cur in eagar agus le nuashonrú a shainaithint.
- Oibriú le páirtithe leasmhara ar fud na heagraíochta chun ábhar a fhorbairt, a nuashonrú agus a athscríobh chun ábharthacht do phríomhpháirtithe leasmhara a chinntiú.
- A chinntiú go gcuirfear dea-chleachtas SEO chun feidhme ar gach leathanach gréasáin.
- A chinntiú go gcomhlíonann ábhar digiteach caighdeáin inrochtaineachta AE.
- Ábhar gréasáin a scríobh, a profáil agus a eagrú chun a chinntiú go bhfuil sé dírithe ar an gcustaiméir agus

go gcomhlíonann sé treoracha branda agus stíle UCD.

- Ábhar a uaslódáil chuig an ardán gréasáin nua.
- Dearbhú Cáilíochta Suíomhanna Gréasáin – ábhar do shuíomhanna gréasáin a thástáil agus a athbhreithniú agus earráidí a dheisiú.
- Nuashonruithe an tSuímh Ghréasáin: An suíomh gréasáin a nuashonrú agus a chothabháil go rialta chun a chinntiú go bhfuil an t-ábhar cothrom le dáta agus ábhartha.
- Comhtháthú Iarrachtaí Cumarsáide: Iarrachtaí cumarsáide na n-aonad Rannpháirtíochta Domhanda éagsúla a chomhtháthú.
- Forbairt Ábhar: Ábhar tarraingteach a chruthú agus a fhorbairt don suíomh gréasáin agus d'ardáin eile.
- Tabhairt faoi aon dualgais eile de réir mar a shannann an Stiúrthóir, an Straitéis Rannpháirtíochta Domhanda, nó an t-ainmní.

**95 Scála Tuarastail Oifigeach Riaracháin II_2010 : €50,974 - €65,154 in aghaidh na bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis faoi phinsean ar fáil ag: https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltímid roimh iarratais ó gach duine, iad siúd a shainaithníonn aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe san áireamh. Tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**

Tá Creat Cnuasach Poist ag UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Poist na Teicneolaíochta Faisnéise agus tagann sé le Leibhéal Gairme 3. Tá tuilleadh sonraí ar na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha atá leagtha amach sa Chreat Cnuasach Poist ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Taithí agus Cáilíochtaí**

- 3-4 bliana de thaithí ghairmiúil TF ag obair in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus/nó cáilíocht tríú leibhéal gaolmhar.
- Ina theannta sin, beidh an taithí agus na scileanna seo a leanas ag teastáil:
    - Taithí roimhe seo ar iniúchadh a dhéanamh ar ábhar do shuíomhanna gréasáin
    - Rannpháirtíocht i dtionscadail athfhorbairt suíomh gréasáin agus claochlaithe digiteacha
    - Taithí ar shuíomhanna gréasáin a bhainistiú, lena n-áirítear ábhar a fhorbairt, iniúchadh a dhéanamh ar leathanaigh ghréasáin, caighdeáin inrochtaineachta SEO
    - Úsáideoir a bhfuil taithí orthu ó thaobh córas bainistithe ábhair de (is fearr Terminal 4)
    - Eolas oibre maith ar HTML agus ar CSS
    - Taithí ar thuairisciú a dhéanamh ar shonraí an úsáideora agus ar léargais ó Google Analytics agus iad a léirmhíniú
    - Sáreolas ar dhea-chleachtas SEO d'ábhar gréasáin
    - Taithí ar ábhar atá dírithe ar an gcustaiméir agus arna optamú ó thaobh SEO de a chóipscríobh agus a eagrú

- Scileanna láidre maidir le bainistiú páirtithe leasmhara
- Súil seabhaic agus scileanna eagrúcháin láidre
- Íomhánna/fís a tháirgeadh/a eagrú ag úsáid bogearraí amhail Adobe Photoshop

- **EDI**: Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe a léiriú.

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

- **Bonneagar agus Néalríomhaireacht:** Údarás/eolas teicniúil ar cheann de na réimsí seo a leanas: Unix OS, Windows OS, Bainistíocht Freastalaithe Fíorúla, Bainistíocht SAN, LDAP, AD, AWS, Azure, HPC, Gsuite, Ardán Néalríomhaireachta Google agus Office 365.
- **Ailtireacht Fiontair:** Eolas ar straitéis ghnó, próisis, sonraí, feidhmchláir agus bonneagar TF bunúsach agus úsáid á baint as samhlacha agus tacaíochtaí ailtireachta. mapáil a dhéanamh ar an gcaoi a dtacóidh TF leis na riachtanais reatha agus amach anseo atá ag UCD, ar bhealach éifeachtúil, inbhuanaithe, aclaí agus inoiriúnaithe. Eolas ar theicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus conas is féidir iad a chur i bhfeidhm ar an ollstruchtúr atá ann cheana féin chun freastal ar riachtanais amach anseo.
- **Ríomhchlárúchán agus Forbairt Ghréasáin:** Údarás/eolas teicniúil ar cheann de na réimsí seo a leanas: SQL, PL/SQL, Javascript, HTML, Dearadh Comhéadain an Úsáideora, Forbairt Fhreagrúil an Ghréasáin, Córais Bhainistithe Ábhair, saincheisteanna agus treoirlínte Inrochtaineachta, agus forbairt UCD Inniúil.
- **Ilmheáin:** Ábhar a chruthú do chustaiméirí agus cabhrú le custaiméirí nó iad a oiliúint maidir le cruthú ábhair ilmheán lena n-áirítear cur i láthair, grafaicí, fuaim, agus fís.

**Príomhinniúlachtaí**

- **Cumarsáid Éifeachtach a Dhéanamh:** An cumas dul i mbun cumarsáid scríofa agus labhartha atá soiléir, gan débhrí, trédhearcach agus comhsheasmhach le Luachanna UCD, chun eolas agus smaointe a chur i láthair agus a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus dearcthaí éagsúla a chur san áireamh.
- **Tionscnaíocht a Ghlacadh:** Cumas moltaí a dhéanamh maidir le feabhsúcháin ina réimse oibre féin agus gníomhú go luath chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus iad a réiteach agus chun teacht ar réitigh.
- **Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht:** An cumas riachtanais na gcustaiméirí a thuiscint agus a réamh-mheas, agus gníomhú chun táirge agus seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar a fhreastalaíonn ar an méid a bhíonn na páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha go léir ag súil leis.
- **Pleanáil agus Eagrúchán:** An cumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú, tosaíochtaí soiléire a leagan amach agus a chinntiú go mbaintear spriocdhátaí amach, chomh maith le gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a chur le chéile agus a scaradh chun aschur a sholáthar de réir achar ama soiléir chun cuspóirí na Scoile/an Aonaid/an Choláiste/na hOllscoile a bhaint amach.
- **Feasacht Eagraíochtúil:** An cumas tuiscint láidir a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin.
- **Athrú a Bhainistiú:** Cumas cur chuige dearfach a ghlacadh maidir le dul i ngleic leis an obair agus le hathruithe a thagann chun cinn a ghlacadh agus fáilte a chur roimh aiseolas maidir le feidhmíocht agus déileáil leis ar bhealach cuiditheach.
- **Caidrimh a Fhorbairt:** An cumas caidrimh oibre éifeachtacha a chothú laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne le comhoibriú agus comhar a spreagadh i réimsí eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.

- **Bainistíocht Tionscadail:** An cumas a chinntiú go sainítear spriocanna, cuspóirí agus critéir ratha tionscadail nó cláir go soiléir ag an tús, róil agus freagrachtaí gaolmhara, spriocanna insoláthartha, garspriocanna a shoiléiriú agus plean tionscadail mionsonraithe a fhorbairt agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ar

| |
|---|
| an dul chun cinn ina aghaidh. |

Inmhianaithe:

- Taithí ar oibriú i réimse an oideachais agus/nó na soghluaisteachta sóisialta.
- Diongbháilte faoi thaithí suimiúla ar an ngréasán atá dírithe ar an gcustaiméir a chruthú.
- Taithí ar shonraí in Excel a bhainistiú agus a anailísiú.

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2030:<br>Teorainneacha a Shárú | https://strategy.ucd.ie/ |
| Oifig um Rannpháirtíochta Domhanda UCD | https://www.ucd.ie/globalengagement/ |
| Rannpháirtíocht Domhanda UCD: | https://www.ucd.ie/global/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Mike Talbot |
| Teideal: | Stiúrthóir, Straitéis Rannpháirtíochta Domhanda |
| Seoladh ríomhphoist: | Mike.talbot@ucd.ie |
| Fón: | n/bh |